

An Garda Síochána



Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Alt 11

Scéim 2009 – 2012

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Alt 11

Scéim 2009 – 2012



An Garda Síochána

Scéim 2009 – 2012 faoi Alt 11
de Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Ábhar

	Leathanach
Caibidil 1	
Reamhrá	5
Caibidil 2	
Measunú Arheibhéal na Seirbhísí Gaeilge atá ar fail cheanna féin	8
Caibidil 3	
Feabhsú na Seirbhísí a chuirfear ar fáil go Dátheangach	9
Caibidil 4	
Monatóireacht agus Athbhreithniú	14
Caibidil 5	
Foilsíú Scéime Aontaithe	16

CAIBIDIL 1

RÉAMHRÁ AGUS CÚLRA

1.1 Réamhrá

D'iarr an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ar Choimisinéir an Gharda Síochána dréachtscéim a réiteach faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Seirbhís phóilíneachta na hÉireann is ea An Garda Síochána agus is eagraíocht náisiúnta í ina bhfuil foireann de bhreis is 13,500 Garda agus 1,400 d'fhoireann sibhialtach. Tá os cionn 700 stáisiún agus oifigí eile ag an eagraíocht ar fud na tíre. Tá an t-ádh le heagraíocht an Gharda go bhfuil líon mór dá foireann in ann déileáil leis an bpobal i nGaeilge agus i mBéarla. Beidh sé deacair ar an eagraíocht, más ea, pearsanra a bheith aici ag gach láthair teagmhála leis an bpobal ag a mbeidh na scileanna riachtanacha, agus mar sin beidh gá le cur chuige réasúnaithe chun freastal dár riachtanais faoin Acht chun seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar i nGaeilge agus i mBéarla.

Forálann Alt 11 den Acht le haghaidh réiteach Scéime Reachtaigh a mhionshonróidh na seirbhísí a sholáthróidh An Garda Síochána (mar chomhlacht poiblí)

- Trí mheán na Gaeilge.
- Trí mheán an Bhéarla.
- Trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla.

Leagann an Scéim amach na bearta atá le déanamh chun a chinntiú go gcuirfear aon seirbhís nach gcuireann An Garda Síochána ar fáil trí Ghaeilge i láthair na huaire ar fáil trí Ghaeilge laistigh de thréimhse aontaithe ama.

1.2 Réiteach na Scéime

Agus an Scéim seo á ullmhú thug Coimisinéir an Gharda aird ar Alt 8 de Bhunreacht na hÉireann, ar rialú na Cúirte Uachtaraí i gcás Uí Bheoláin agus ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

D'ullmhaigh An Garda Síochána an Scéim seo de réir na dtreoirlínte a eisíodh faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tabharfaidh soláthar seirbhíse i nGaeilge aird ar oibleagáidí dlí, riachtanais/éilimh ár gcustaiméirí agus acmhainní, amhail acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais.

Ghéill An Garda Síochána d'Alt 13(1)(a) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 trí fógra dá rún dréachtscéim a réiteach a fhoilsiú, i nGaeilge agus i mBéarla, sna príomhnuachtáin

náisiúnta an 9ú Iúil 2007. Tugadh cuireadh d'aighneachtaí ón bpobal, ó eagraíochtaí Gaeilge agus ó fhoireann an Gharda Síochána. Scrúdaíodh na haighneachtaí a fuarthas agus cuireadh roinnt de na moltaí san áireamh sa Scéim.

Chuathas i gcomhairle le Coiste Gaeilge an Gharda Síochána, ar coiste deonach de chuid an Gharda é a chuireann úsáid na Gaeilge chun cinn sa Gharda Síochána, agus chuir siad comhairle ar Choimisinéir an Gharda maidir le réiteach na Scéime.

1.3 Cuspóirí na Scéime

Tá iarracht déanta ag an nGarda Síochána, ó bunaíodh é sa bhliain 1922, seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar i nGaeilge, nuair a iarrtar é, don phobal a bhfónaimid dóibh. In imeacht na mblianta, i gcomhairle le Bord na Gaeilge agus níos déanaí le Foras na Gaeilge, ceapadh sraith de chlár ghníomhaíochtaí de réir Threoirlínte agus Ordacháin an Rialtais. Aithníonn an Garda Síochána ceart gach saoránaigh a c(h)uid gnó a dhéanamh i nGaeilge agus tá sé tiomanta do chur chun feidhme Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ina iomláine.

Beidh an Scéim seo dírithe ar struchtúr a sholáthar don tseirbhís Ghaeilge a chuirtear ar fáil i láthair na huaire agus soláthar a dhéanamh do fheabhas a chur de réir a chéile ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil do chustaiméirí ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Díreimid i ngach cuid den Scéim seo ar leibhéal an éilimh agus ar infhaighteacht acmhainní de réir mar a chomhlíontar cuspóirí na Scéime seo. Déanfar monatóireacht air sin chun gur féidir soláthar na seirbhíse Gaeilge ar ardchaighdeán a mheaitseáil leis na leibhéil éilimh a aithneoidimid.

Creideann An Garda Síochána gur fearr an tseirbhís Ghaeilge a fhorbairt de réir a chéile agus í a bheith dírithe ar an gcustaiméir chun cur chun feidhme fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ina n-iomláine a bhaint amach.

Éileoidh nádúr croí-fheidhm An Gharda Síochána solúbthacht ionsuite sa Scéim seo chun freastal do staideanna éigeandála.

1.4 Fís agus Misean Mandáide

Ba chun seirbhís phóilíneachta a sholáthar don Stát nuabhunaithe a bunaíodh An Garda Síochána. Tá breis is 13,500 comhalta faoi mhionn san eagraíocht mar aon le 1,400 foireann tacaíochta sibhialtach. Tá feidhm an Gharda leagtha síos in Alt 7 d'Acht an Gharda Síochána 2005, mar sheirbhísí póilíneachta agus slándála a sholáthar don Stát leis na haidhmeanna seo a leanas:

- a) an tsíocháin agus an t-ord poiblí a chaomhnú,
- b) beatha agus maoin a chosaint,

- c) cearta gach duine a chosaint,
- d) slándáil an Stáit a chosaint,
- e) coireacht a chosc,
- f) an dlí a chur ar choirpigh, lena n-áirítear coireacht a bhrath agus a imscrúdú agus
- g) trácht ar bhóithre a rialú agus sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú.

Chun na cuspóirí a dtagraítear dóibh thuas a bhaint amach, oibreoidh An Garda Síochána i gcomhar, mar is cuí, le Ranna Stáit, le gníomhaireachtaí agus le comhlachtaí eile, a bhfuil freagracht orthu, de réir dlí, maidir le haon ghné den chuspóir sin agus soláthróidh aon seirbhís eile a bhfuil cúram dlíthiúil orthu maidir léi.

Fís

Daoine den scoth ag soláthar póilíníú den scoth.

Misean

Chun an leibhéal so-aimsithe is airde a bhaint amach i gCosaint Phearsanta, Tiomantas Poiblí agus Slándáil Stáit.

CAIBIDIL 2

MEASÚNÚ AR LEIBHÉAL NA SEIRBHÍSÍ GAEILGE ATÁ AR FÁIL CHEANA FÉIN

2.1 Beartas Reatha an Gharda

Tá beartas reatha an Gharda maidir leis an nGaeilge le fáil in *Straitéis don Ghaeilge in An Garda Síochána* (1998), a dtugtar srac-chuntas ar a phríomhfhorálacha thíos.

2.2 Príomhfhorálacha Bheartas Reatha an Gharda

- *Pearsanra i Stáisiúin na Gaeltachta* – Is é beartas an Gharda Síochána ardchaighdeán sa Ghaeilge labhartha a chinntiú i gcás comhaltaí atá ag fónamh i gceantair Gaeltachta.
- *Glaonna Gutháin* – Tá seirbhís chuimsitheach ar fáil i nGaeilge i stáisiúin na Gaeltachta. I gceantair nach ceantair Gaeltachta iad tá struchtúr neamhfoirmeálta ann chun freastal do ghlaiteoirí ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge.
- *Glaiteoirí Pearsanta* – I gceantair nach ceantair Gaeltachta iad, tá struchtúr neamhfoirmeálta ann chun glaiteoirí pearsanta a éascú.
- *Comhfhreagras* – Tugtar freagra Gaeilge ar gach litir, gach tarchur facs agus gach ríomhphost a fhaightear i nGaeilge.
- *Foilseacháin* – Eisítear gach mórthuarascáil de chuid an Gharda Síochána i nGaeilge agus i mBéarla. Tá formhór na bhfoirmeacha oifigiúla ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.
- *Láithreán Gréasáin* – Tá láithreán Gréasáin an Gharda Síochána i mBéarla cé is móite d'fhoilseacháin chorpóraídeacha mar a shainítear thuas.

2.3 Rannóg na Gaeilge

Rannóg speisialta í seo i gColáiste an Gharda a sholáthraíonn cúnaimh don eagraíocht agus í ag déileáil le gnóthaí Gaeilge. Ofráileann sí seirbhísí taighde agus aistriúcháin le haghaidh ráiteas, tuarascálacha, ionchúisimh dlí agus doiciméid éagsúla eile a chaithfear a aistriú go Gaeilge.

Eisíodh foclóir Béarla/Gaeilge don eagraíocht de théarmaíocht speisialaithe agus de théarmaíocht dlí a úsáideann an Garda Síochána.

Aistrítear foirmeacha oifigiúla ríomhghinte go Gaeilge.

Tá seirbhís aistriúcháin sheachtrach ar conradh ar fáil d'eagraíocht an Gharda chomh maith.

CAIBIDIL 3

FEABHSÚ NA SEIRBHÍSÍ A CHUIRFEAR AR FÁIL GO DÁT HEANGACH

3.1 Soláthar Seirbhíse i nGaeilge

In Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, ag Alt 11(1)(b), tá ceanglas ar chomhlachtaí poiblí na bearta a bheartaíonn an comhlacht a ghlacadh chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhísí nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge a sholáthar amhlaidh a shonrú. Cuirfear na bearta/forálacha seo a leanas i bhfeidhm d'fhonn cur leis na seirbhísí a chuirfear ar fáil go dátheangach. I gcásanna áirithe d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé indéanta seirbhís a sholáthar i nGaeilge, i ngeall ar nádúr éigeandála na nglaoanna.

3.2 Córais Theileafóin

Tá breis is 700 stáisiún agus mórchuid oifigí eile ag an nGarda Síochána ar fud na tíre. Maidir leis an riachtanas chun beannachtú dátheangach a sholáthar, braitear go bhfuil “An Garda Síochána” sách inaitheanta agus go dtugann sé cuireadh intuigthe don ghlaiteoir leanacht air nó uirthi i nGaeilge nó i mBéarla. Beidh cur amach ag an bhfoireann ar na beannachtaí Gaeilge bunúsacha agus déanfar socruithe chun gur féidir baill den phobal a chur i dteagmháil go pras le cibé oifig nó oifigeach atá freagrach as cibé seirbhís atá á lorg trí Ghaeilge a chur ar fáil.

Tréimhse ama le haghaidh cur i gcrích: Deireadh chéad bhliain na Scéime seo.

3.3 Foirmeacha agus Fógraí Oifigiúla

Eiseofar gach foirm nua, fógra poiblí agus bileog eolais de chuid an Gharda Síochána i nGaeilge agus i mBéarla ar an doiciméad céanna, ach nuair nach bhfuil sé sin indéanta ar chúiseanna dearaidh nó méide agus i gcásanna mar iad cuirfear foirmeacha ar leithligh Gaeilge agus Béarla ar fáil. Cuirfear na leaganacha nua d'fhoirmeacha ar fáil nuair a bheidh deireadh le stoc na bhfoirmeacha atá anois ann.

Tréimhse ama le haghaidh cur i gcrích: Deireadh chéad bhliain na Scéime.

3.4 Fógraí Táillí Socraithe

Soláthróidh an Garda Síochána gach Fógra Táille Socraithe i bhfoirm dhátheangach. Déanfar é sin i gcomhar le rannóg FT an Gharda agus le gníomhaireachtaí eile seachtracha lena mbaineann.

Tréimhse ama le haghaidh cur i gcrích: Deireadh na Scéime seo.

3.5 Preasoifig

Cuirfidh an eagraíocht urlabhraí ar fáil do na meáin chun seirbhís Ghaeilge a sholáthar, ach fógra réasúnta a bheith faighte.

Tréimhse ama le haghaidh cur i gcrích: Ó thús na Scéime seo.

Cuirfear gach preasráiteas a bhaineann le gnóthaí beartais an Gharda ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.

Tréimhse ama le haghaidh cur i gcrích: Deireadh chéad bhliain na Scéime seo.

3.6 Ríomhchórais

Beidh gach ríomhchórais nuafhaighte a bhfuil comhéadan aige leis an bpobal inniúil ar Ghaeilge a láimhseáil.

Tréimhse ama le haghaidh cur i gcrích: Ó thús na Scéime seo.

Déanfar ríomhchórais atá anois ann agus a bhfuil comhéadan acu leis an bpobal comhoiriúnach leis an nGaeilge de réir mar a uasghrádófar na córais.

Tréimhse ama le haghaidh cur i gcrích: Deireadh na dara Scéime.

Tabharfar aon seirbhísí idirghníomhacha a cheadaíonn don phobal i gcoitinne iarratais a dhéanamh ar líne isteach sa dá theanga ag an am céanna.

Tréimhse ama le haghaidh cur i gcrích: Deireadh na Scéime seo.

3.7 Láithreán Gréasáin

Beidh an eolas statach ar láithreán Gréasáin an Gharda ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.

Tréimhse ama le haghaidh cur i gcrích: Deireadh chéad bhliain na Scéime seo.

3.8 Cruinnithe Poiblí

Is é beartas An Gharda Síochana cruinnithe /comhairlithe poiblí i gceantair Ghaeltachta a reachtáil trí Ghaeilge.

I gcás go bhfuil cruinniú poiblí á reachtáil lasmuigh den Ghaeltacht, éascóidh an Garda Síochána duine ar bith ar mian leo ráiteas nó aighneacht a dhéanamh as Gaeilge trí sheirbhís aistriúcháin a sholáthar. Chun an tseirbhís seo a sholáthar beidh gá le hiarratas a bheith déanta roimh an chruinniú chun gur féidir na socruithe riachtanacha a chur i bhfeidhm. Tabharfaidh fógraí do chruinnithe mar iad cuireadh do dhaoine iarratais a dhéanamh ar sheirbhís aistriúcháin roimh an chruinniú.

Tréimhse ama le haghaidh cur i gcrích: Deireadh chéad bhliain na Scéime seo.

3.9 Logainmneacha Gaeltachta

Bainfidh gach stáisiún Garda i gceantair Ghaeltachta úsáid as logainm oifigiúil Gaeilge an bhaile nó an tsráidbhaile ina bhfuil an stáisiún suite mar atá leagtha amach san Ordú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004.

Tréimhse ama le haghaidh cur i gcrích: Deireadh chéad bhliain na Scéime seo.

Laistigh de gach focheantar i gceantair Ghaeltachta tosófar ar ainmneacha Gaeilge gach baile fearainn, mar atá leagtha amach, a úsáid i ngach clár agus bunachar sonraí, i gcásanna nach bhfuil siad cheana féin in úsáid.

Tréimhse ama le haghaidh cur i gcrích: Deireadh na Scéime seo.

3.10 Daoine ag tabhairt cuairt ar Stáisiúin

D'fhéadfaí na daoine a ndéileálann an Garda Síochána leo a aicmiú mar:

- Daoine gafa
- Gearánaithe
- Finnéithe
- Eile

Tá teidlíocht dlí ag daoine gafa ar a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge.

I gcás go ndéanann duine gearán i nGaeilge, cuirfear seirbhís Ghaeilge ar fáil faoi réir fhorálacha Ailt 3.12 (3) (4) & (5) thíos.

Éascófar finnéithe agus daoine eile a iarrann seirbhís Ghaeilge faoi réir fhorálacha Ailt 3.12 (3) (4) & (5) thíos.

3.11 An Ghaeltacht

Leagann Acht an Gharda Síochána 2005 amach ag Alt 33(2)

“Cinntoidh Coimisinéir an Gharda, chomh fada agus atá praiticiúil, go mbeidh combhaltaí an Gharda Síochána atá lonnaithe i gCeantar ina bhfuil ceantar Gaeltachta, sách inniúil sa Ghaeilge chun gur féidir leo í a úsáid go saoráideach chun a ndualgais a chomhlionadh.”

Cuirfear seirbhís iomlán Ghaeilge ar fáil don phobal i gceantair Ghaeltachta faoi réir fhorálacha Alt 3.12 (3) thíos.

Beidh ag gach pearsanra a leithdháilfear ar stáisiúin i gceantair Ghaeilge na cáilíochtaí riachtantacha sa Ghaeilge.

Tréimhse ama le haghaidh cur i gcrích: Ó thús na Scéime seo.

Tairgfear deis do dhaoine atá lonnaithe sna ceantair sin cheana féin na cáilíochtaí riachtanacha a fháil sa Ghaeilge.

Tréimhse ama le haghaidh cur i gcrích: Deireadh na Scéime seo.

Ag géilleadh d'Alt 13 (2) (e) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, cuirfear socruithe i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéanfar teanga oibre den Ghaeilge i ngach stáisiún Garda i gceantair Ghaeltachta.

Tréimhse ama le haghaidh cur i gcrích: Deireadh na dara Scéime.

3.12 Bainistíocht Daonacmhainní

Seo mar a dhéanfaidh Bainistíocht Daonacmhainní:

- (1) Nuashonrófar an beartas leithdháilte chun go léireoidh sé na pleananna chun feabhas a chur ar sheirbhís Ghaeilge an Gharda.

Bainfear é sin amach trí anailís a dhéanamh ar bhunachar sonraí na dtaifead pearsanra chun a chinntiú go léireoidh sé cumas Gaeilge an phearsanra sa Gharda Síochána.

Tréimhse ama le haghaidh cur i gcrích: Deireadh chéad bhliain na Scéime seo.

- (2) Déanfar athbhreithniú iomlán ar an liúntas Gaeltachta a íoctar le Gardaí cáilithe atá lonnaithe i stáisiúin áirithe.

Tréimhse ama le haghaidh cur i gcrích: Deireadh na Scéime seo.

- (3) Beidh seirbhís iomlán Ghaeilge ar fáil ó Ghardaí i ngach stáisiún Garda sa Ghaeltacht.

Bainfear é sin amach trí éifeachtacht an bheartais leithdháilte pearsanra a uasmhéadú, mar aon le cur chuige oiliúna spriocaimsithe a cheapadh, a rollfar amach mar seo a leanas:

- (a) Cé is móite de líon beag stáisiún Gaeltachta nach gcáilíonn le haghaidh an liúntais Ghaeltachta beidh gach comhalta a bheas ag obair sa Ghaeltacht inniúil ar Ghaeilge a úsáid.

Tréimhse ama le haghaidh cur i gcrích: Deireadh na Scéime seo.

- (b) Beidh gach comhalta a oibríonn sa Ghaeltacht (lena n-áirítear stáisiúin Ghaeltachta nach gcáilíonn don Liúntas Gaeltachta i láthair na huaire) inniúil ar Ghaeilge a úsáid.

Tréimhse ama le haghaidh cur i gcrích: Deireadh na dara Scéime.

- (4) Tiomsófar agus coinneofar painéal de chainteoirí cumasacha Gaeilge i ngach Réigiún Garda. Beidh an painéal ar fáil chun lánseirbhís Ghaeilge a sholáthar chomh luath agus a bheidh sé praicticiúl tar éis iarratas ar sheirbhís mar í a bheith faighte.

Tréimhse ama le haghaidh cur i gcrích: Deireadh na Scéime seo.

- (5) Tiomsófar agus coinneofar painéal de chainteoirí cumasacha Gaeilge i ngach Roinn Garda. Beidh an painéal ar fáil chun lánseirbhís Ghaeilge a sholáthar chomh luath agus a bheidh sé praicticiúl tar éis iarratas ar sheirbhís mar í a bheith faighte.

Tréimhse ama le haghaidh cur i gcrích: Deireadh na dara Scéime.

3.13 Cúrsaí Oiliúna agus Forás na Foirne

Tá an Garda Síochána tiomanta do chinntiú go gcoimeádfar an Ghaeilge mar chuid den chroí-chlár d'oiliúint Ghardaí faoi Oiliúint/Promhóirí. Chun Bainistíocht Daonacmhainní a éascú maidir le leithdháileadh comhréireach na bPromhóirí a labhraíonn Gaeilge ar fud na tíre, aistreofar an Triail Inniúlachta Béil Ghaeilge go Céim 1 den chlár oiliúna do Ghardaí faoi Oiliúint/Promhóirí.

Tréimhse ama le haghaidh cur i gcrích: Deireadh chéad bhliain na Scéime seo.

Gaeleagras na Seirbhíse Poiblí

Soláthraíonn Gaeleagras cúrsaí oiliúna do Ghardaí ar mian leo Gaeilge a fhoghlaim agus a gcumas sa teanga a leathnú. Gach bliain baineann mórchuid Gardaí buntáiste as an deis freastal ar na cúrsaí atá ar fáil i gceantair Ghaeltachta Dhún na nGall, na Gaillimhe agus Chiarraí. Déanfaidh bainistíocht an Gharda gach iarracht rannpháirtíocht na foirne a mhisniú agus a uasmhéadú sna cúrsaí seo.

Tréimhse ama le haghaidh cur i gcrích: Ó thús na Scéime seo.

Athbhreithniú Oiliúna

Chun freagrachtaí eagraíochtúla a bhrostú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, athbhreithneoidh an Rannóg Straitéise agus Athraithe riachtanais oiliúna na foirne agus aithneoidh siad cúrsaí Gaeilge a bheidh oiriúnach don fhoireann chun gur féidir freastal do riachtanais na seirbhíse. Roghnófar cúrsaí staidéir sa Ghaeilge agus ceadófar iad le haghaidh cúnamh airgeadais mar chuid den Scéim cistithe oideachais.

Tréimhse ama le haghaidh cur i gcrích: Deireadh chéad bhliain na Scéime seo.

CAIBIDIL 4

MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ

4.1 Coiste Feidhmithe Bheartas na Gaeilge

Is ar Oifig an Leas-Choimisinéara, Straitéis agus Bainistiú ar Athrú, atá an cúram an Scéim seo a chur chun feidhme agus monatóireacht a dhéanamh uirthi agus is é a bheidh i gceannas ar Choiste Feidhmithe Bheartas na Gaeilge.

Is mar seo a leanas a bheidh ballraíocht Choiste Feidhmithe Bheartas na Gaeilge:

- An Leas-Choimisinéir, Straitéis agus Bainistiú ar Athrú – Cathaoirleach
- Coimisinéir Cúnta, Bainistíocht Acmhainní Daonna
- Coimisinéir Cúnta, Straitéis & Oiliúint
- Príomhoifigeach Cúnta, Bainistíocht Acmhainní Daonna
- Ionadaí ó Fhoras na Gaeilge.

Beidh gach Coimisinéir Cúnta freagrach as cur chun feidhme na Scéime ina c(h)eanntar féin. Feidhmeoidh gach Cigire Réigiúnach mar Oifigeach Idirchaidrimh don Ghaeilge dá Réigiún nó dá Roinn féin. Ainmneoidh gach Oifigeach Rannach Cigire chun cur chun feidhme a chomhordú ag leibhéal na Roinne, agus chun monatóireacht a dhéanamh ar ghnóthachtálacha i gcomparáid leis na gealltanais atá leagtha síos sa Scéim, agus chun tuairisciú don Oifigeach Idirchaidrimh Réigiúnach don Ghaeilge.

Is í feidhm na nOifigeach Idirchaidrimh ná cuidiú le cur chun feidhme struchtúrach na Scéime seo faoi stiúir Coiste Feidhmithe Bheartas na Gaeilge.

Cinntoidh Coiste Feidhmithe Bheartas na Gaeilge trí mhionteagaisc agus nuachtlitreacha go mbeidh gach comhalta san eagraíocht eolach ar na gealltanais atá sa Scéim aontaithe.

4.2 Cártaí Tuairimí

Dáilfear cártaí tuairime ar gach stáisiún Garda chun tuairimí/moltaí ón bpobal a éascú agus scrúdófar iad seo mar chuid den athbhreithniú ar an Scéim. Cuirfear fáilte roimh mholtaí ó pháirtí leasmhara agus cuirfear áis ar fáil chuige ar láithreán Gréasáin an Gharda.

4.3 Bainistíocht Daonacmhainní

Déanfaidh Bainistíocht Daonacmhainní athbhreithniú bliantúil ar dhul chun cinn i dtreo chuspóir na lánghéilliúlachta don Acht agus cuirfear an tuarascáil sin faoi bhráid Coiste Feidhmithe Bheartas na Gaeilge, ag deireadh gach bliana den Scéim.

4.4 Tuarascáil Bhliantúil an Gharda

Tuairisceoidh Coimisinéir an Gharda i dTuarascáil Bhliantúil an Gharda ar fheidhmíocht i gcomparáid le gealltanais na Scéime de réir na dTreoirlínite a eisíodh faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Leanfaidh an Garda Síochána air de bheith ag lorg tuairimí na bpobal Gaeltachta, tuairimí páirtí leasmhara eile agus tuairimí grúpaí a oibríonn chun an Ghaeilge a chur chun cinn.

CAIBIDIL 5

FOILSIÚ SCÉIME AONTAITHE

Scaipfidh an Garda Síochána cóipeanna den Scéim seo ar na páirtithe leasmhara ar fad san eagraíocht.

Beidh ábhar na Scéime seo ar fáil don phobal ar láithreán Gréasáin an Gharda Síochána, i nGaeilge agus i mBéarla, agus féadfaidh an pobal aighneachtaí a dhéanamh mar gheall ar an Scéim ar leathanach Gréasáin atá ceaptha chuige sin.

Beidh cóipeanna den Scéim seo ar fáil d'aon bhall den phobal, ach glao a chur ar Oifig an Cheannfoirt áitiúil.

Fógróidh preasráiteas seoladh na Scéime agus fógrófar na láithreacha mar a bhfuil sonraí iomlána na Scéime ar fáil.

Beidh an Scéim seo ar fáil do gach ball den eagraíocht ar Thairseach Eolais an Gharda Síochána ar chóras PULSE.